

Dúchas.ie: ré nua i stair Chnuasach Bhéaloideas Éireann

Gearóid Ó Cleircín, Anna Bale agus Brian Ó Raghallaigh

Déantar cur síos sa pháipéar seo ar thionscadal taighde Dúchas. Cruthú, mar acmhainn taighde, leagan digiteach ar líne de Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ)¹, ceann de na cnuasaigh ábhair bhéil agus eitneolaíochta is mó ar domhan, is aidhm do thionscadal Dúchas. Mairfidh an cnuasach fisiciúil in ionad an Chnuasaigh in UCD i gcónaí, ach mairfidh an leagan digiteach ag *dúchas.ie*² feasta.

Tá iliomad bailiúchán i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, a chuimsíonn idir lámhscríbhinní, ghrianghraif, fhuaim agus fhís. Roghnaíodh bailiúchán lámhscríbhinní a bailíodh sna tríochaidí, Bailiúchán na Scol, le digitiú ar dtús faoi Dúchas. Cé go dtabharfar faoi dhigitíú trialach ar bhailiúcháin eile sa Chnuasach mar chuid den chéim seo (2013-2016) de thionscadal Dúchas, díritear ar dhigitíú Bhailiúchán na Scol, chomh maith le bunú an infreastruchtúir don tionscadal fadtéarmach, san alt seo.

Is comhthionscadal é Dúchas idir CBÉ sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'eascair sé ar dtús as an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (REOG) i Mí na Nollag 2010.³ Mhaoinigh REOG tionscadal píolótach sa bhliain 2013 chun ábhar ceithre chontae as Bailiúchán na Scol a dhigitíú agus a fhoilsiú ar líne. D'éirigh leis an obair phíolótach sin agus tá an tionscadal á mhaoiniú anois ag REOG agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Tá meascán comhlántach taithí agus scileanna ag na rannpháirtithe sa tionscadal. Is le CBÉ an t-ábhar béaloidis féin agus is acusan atá an saineolas ar ábhar Bhailiúchán na Scol agus ar léann an bhéaloidis trí chéile. Tá taithí fhada ag Fiontar maidir le tionscadail dhigitithe a chur i gcrích i réimsí ar nós na téarmeolaíochta agus na logainmníochta agus maidir le hacmhainní nua teanga a chruthú. Tá Taisclann Dhigiteach na hÉireann, atá páirteach sa tionscadal freisin i ról comhairleach, ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt na ndaonnachtaí digiteacha in Éirinn agus tá comhairle luachmhar á cur ar fáil acu i dtaobh cosaint sonraí, catalógú agus meiteashonraí, ceadúnú inneachair agus idir-inoibritheacht sa chartlannaíocht dhigiteach.

Pléitear thíos stair Bhailiúchán na Scol, an chéad mhórbhailiúchán a ndéanfar digitiú air, agus tagraítear do cheist na rochtana poiblí ar an mbailiúchán úd agus ar CBÉ i gcoitinne. Ina dhiaidh sin, tuairiscítear ar dhá mhórghné den tionscadal féin, an digitiú agus an catalógú. Ar deireadh, luaitear cuid de na buntáistí a bhainfidh le leagan digiteach de CBÉ a bheith ar fáil.

Bailiúchán na Scol

Roghnaíodh Bailiúchán na Scol don chéad chéim de thionscadal Dúchas óir thar bhailiúchán béaloidis ar bith in Éirinn tá Bailiúchán na Scol ar an gceann is mó aitheantas i measc an phobail. Is é an bailiúchán is mó é a mheallann cuairteoirí isteach chuig CBÉ sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is cúis iontais acu go minic é nuair a thuigtear dóibh go bhfuil mórán bailiúchán eile sa Chnuasach, agus gurb é an Príomh-Bhailiúchán, saothar na mbailitheoirí lánaimseartha, an ceann is fairsinge agus is téagartha ar fad. Anuas air sin, tá

¹ <http://www.ucd.ie/irishfolklore/ga/>

² <http://www.duchas.ie/ga/>

³ An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta "Plean forfheidhmithe na Roinne don bhliain 2011 maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030"

<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge/FeidhmiunaStraiteise/Plean%20forfheidhmithe%20na%20Roinne.doc>

cnuasach grianghraf, iliomad lámhscríbhinní eile, cartlann cheoil, cartlann fuaime agus físe, léarscáileanna, cnuasach péintéireachta agus líníochta mar aon le leabharlann shainiúil fhairsing ann chomh maith. An méid sin ráite, is é Bailiúchán na Scol an chéad chéim ar thuras taighde fhormhór na gcuartheoirí a thagann chuig CBÉ agus is chuige sin a roghnaíodh é nuair a cinneadh ar dtús tabhairt faoin scéim uailmhianach dhigitithe seo.

Tá stair CBÉ cíortha go maith in iliomad foilseachán agus clár faisnéise teilifíse agus raidió thar na blianta, ach tá an cuntas is iomláine agus is críochnúla le fáil in ollshaothar Mhíchíl Briody, *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, ideology, methodology*⁴. Déanann Briody grinnstaidéar ar an gcúlra polaitiúil, idé-eolaíoch agus cultúrtha a thug ar an Stát Coimisiún Béaloideas Éireann a bhunú in 1935. Gan dul rófhada leis an scéal arís anseo, ní miste mar sin féin tagairt a dhéanamh don obair éachtach a rinne na ceannródaithe luatha nuair a chuir siad fúthu an oiread agus ab fhéidir leo de litríocht bhéil, béaloideas agus de chleachtais thraidisiúnta na hÉireann a bhailiú. Bhí fuadar, flosc agus práinn ag baint leis an obair in aghaidh na n-athruithe suntasacha a bhí ag teacht ar an tsochaí Ghaelach, mar a chonacthas dóibh. Faoi lár na ndaichidí bhí cartlann chuimsitheach bhéaloidis bailithe in Éirinn, cartlann a tharraing aird scoláirí ó chian agus ó chongar ar obair an Choimisiúin.

Níl aon amhras ná gur chuir Scéim na Scol, mar a tugadh air ag an am, go mór leis an saibhreas ollmhór béaloidis seo. An smaoineamh a bhí taobh thiar den scéim ná go mbeadh aiste bhéaloidis sheachtainiúil le scríobh ag na páistí sinsearach sna bunscoileanna mar chuid den churaclam scoile. B'éigean dian-idirbheartaíocht a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus le Cumann na mBunmhúinteoirí ar an gcéad dul síos, riar na scéime a leagan amach agus treoirleabhar a fhoilsiú maidir leis an gcineál ábhair a bhí le bailiú⁵; ach b'fhiú an réamhphleanáil mar bhí a rian sin ar an toradh.

Mar a luann Briody⁶, faoi dheireadh na bliana 1939 bhí na lámhscríbhinní ar fad ón Scéim tagtha isteach go hoifigí an Choimisiúin, agus tá siad sin anois ceangailte ina 1,124 imleabhar agus thart ar 400 leathanach an ceann iontu. Chomh maith leis sin, tháinig na bunchóipleabhair a d'úsáid na daltaí isteach freisin agus tá suas le 18,000 de na cóipleabhair sin sa bhailiúchán. Ghlac breis agus 30,000 dalta páirt i Scéim na Scol, ach leath tionchar na scéime amach sa phobal i gcoitinne mar gurbh iad a dtuismitheoirí, a seantuismitheoirí agus a gcomharsana foinsí an eolais a bhailigh na páistí.

Buntáiste suntasach a bhaineann leis an mbailiúchán áirithe seo freisin is ea an leagan amach atá air a ligeann do thaighdeoirí staidéar comparáideach a dhéanamh ar chleachtais agus ar thraidisiúin áirithe ó cheann ceann na tíre. Cé nár cloíodh go docht i gcónaí leis an liosta téamaí a leagadh síos sa treoirleabhar maidir le bailiú, tá an t-ábhar córasach go maith tríd síos. Bhí obair mhór i gceist le catalógú an ábhair seo agus gineadh na mílte cárta innéacs le scagadh a dhéanamh ar na réimsí éagsúla béaloidis. Níor cláraíodh, áfach, ainmneacha na bpáistí scoile, ainmneacha na múinteoirí ná ainmneacha na bhfaisnéiseoirí, bearna, mar a fheicfear ar ball, atá á líonadh faoin tionscadal nua seo.

Rochtain

Is cartlann phoiblí é CBÉ an lae inniu ach ní mar sin a bhí sna laethanta tosaigh. Bhí Bailiúchán na Scol agus saothar bhailitheoirí lánaimseartha an Choimisiúin ar dianchoimeád faoi chúram an stiúrthóra, Séamus Ó Duilearga, agus foireann na príomhoifige. Is béaloideas ann féin iad na scéalta a insítear faoi na hiarrachtaí a rinne scoláirí éagsúla cead isteach a fháil d'oifigí an Choimisiúin ar Fhaiche Stiabhna. Chuireadh an Duileargach agallamh ar thaighdeoirí sula scaoilfí isteach iad. Ar an gcéad amharc, d'fhéadfaí a rá gur easpa foirne agus áiseanna, gan trácht ar an gcur isteach ar an gcatalógú, an bac ba mhó a bhí ann le

⁴ Briody, M., *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, ideology, methodology*, Helsinki 2008.

⁵ Ó Catháin, S. 'Súil Siar ar Scéim na Scol', *Sinsear* 5, Baile Átha Cliath 1988.

⁶ Briody, *op.cit.*, 270.

freastal ar chuairoteoirí. Ach bhí níos mó ná sin i gceist. Seo mar atá ráite ag T.K. Whitaker faoi:

An rud is mó a mhaireann i mo chuimhne faoi Shéamus Ó Duilearga ná an meas mór a bhí aige ar na daoine a thug an béaloideas seo dó. Bhí urraim mhór aige dóibh sin uilig, ‘cuma cé chomh bocht nó mar sin a bhíodh siad, mheas seisean gurb iad móruaisle na hÉireann iad agus ní scaoilfeadh sé lena raibh scríofa aige óna mbéal ach le scoláirí, na daoine a mbeadh meas acu ar an méid a thug siad ar lámh don ghlúin seo⁷.

Agus is liosta le háireamh é na scoláirí idirnáisiúnta a thug aghaidh ar oifigí an Choimisiúin de réir mar a mhéadaigh an Cnuasach.

Nuair a cuireadh an Coimisiún ar bun in 1935, i measc na dtéarmaí tagartha a leagadh síos dó bhí go n-eagródh sé bailiú, cóimheas téacsanna agus catalógú ar ábhar béaloidis agus go ndéanfaí eagarthóireacht agus foilsiú ar an ábhar seo de réir mar ceapadh é a bheith fóirsteanach. Bhí de dhualgas ar an gCoimisiún freisin rochtain ar an ábhar a chur ar fáil do mhic léinn agus do scoláirí le haghaidh taighde nó foilseacháin. Tá na dualgais sin ar CBÉ sa lá atá inniu ann freisin. Sna seachtóidí, agus an chartlann athlonnaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (agus an Coimisiún athbhunaithe ansin mar Roinn Bhéaloideas Éireann), rinneadh cóip ar mhicreascannáin de Bhailiúchán na Scol agus tugadh cóip den ábhar ó na contaetha féin do na leabharlanna contae. Rochtain theoranta atá ansin, áfach, agus gan d’áis chuardaigh leis na micreascannáin ach liosta d’ainmneacha na scoileanna agus na n-oidí. Tá sé dodhéanta nach mór ábhar ó dhaltáí aonair a aimsiú gan ainm na scoile a bheith ar eolas. Ní féidir, ach oiread, cuardach a dhéanamh de réir téama gan na tagairtí cuí a fháil roimh ré ó na cártaí innéacs i mBaile Átha Cliath.⁸

Dá bhrí sin is céim shuntasach thábhachtach, céim réabhlóideach fiú, é tionscadal Dúchas i stair CBÉ sa mhéid is go dtabharfaidh sé rochtain dhomhanda inchoardaithe ar líne ar an gcartlann ollmhór béaloidis agus eitneolaíochta seo. Tugadh faoi thionscadail dhigitithe cúpla babhta roimhe seo agus tá fáil ar bhliúirí éagsúla ón gCnuasach ar shuíomhanna éagsúla gréasáin ach ní raibh na hiarrachtaí sin sásúil ar go leor bealaí.

Digitíú

Déantar cur síos thíos ar an digitíú atá á dhéanamh ar sciar de Chnuasach Bhéaloideas Éireann faoin gcéim reatha de thionscadal Dúchas.

Scanadh

Mar atá mínithe thuas is éard atá i mBailiúchán na Scol ná sraith cóipleabhar agus imleabhar ina bhfuil ábhar béaloidis scríofa síos, agus tá c.50% den ábhar seo á dhigitíú mar chuid de thionscadal Dúchas 2013-16. Déanfar cur síos anseo ar a bhfuil i gceist le ‘digitíú’ sa chás seo.

Mar chéad chéim, tá sé i gceist leagan digiteach de gach leathanach (50% de leathanaigh an bhailiúcháin) a chruthú. Is éard atá i gceist leis seo sa chás áirithe seo ná íomhá scanta de gach leathanach a dhéanamh. Ní mór a shoiléiriú nach ionann é seo agus leagan digiteach téacs a chruthú den lámhscríbhneoireacht ar na leathanaigh. Chun é sin a dhéanamh ba ghá tabhairt faoi scanadh móide aithint optúil carachtar (OCR) nó faoin tras-scríobh de lámh. Ní bhíonn toradh maith ar an OCR i gcás téacsanna lámhscríofa Gaeilge agus bheadh obair ollmhór agus thar a bheith costasach i gceist leis an tras-scríobh. Más ea, níl ceachtar den dá

⁷ Whitaker, T.K., Agallamh raidió *Lest They Perish, Series 1 Part 3* RTÉ 1985.

⁸ Tá innéacs ábhair ag CBÉ ina ndéantar tagairt do thraidisiúin, nósanna srl. éagsúla sna bailiúcháin lámhscríbhinní. Tá breis agus 300,000 cárta san innéacs sin.

rogha sin i gceist faoin tionscadal seo cé go bhfuil sé beartaithe tástáil theoranta a dhéanamh ar thras-scríobh ar bhonn sluaifhoinisithe amach anseo.

Cartlannú digiteach

In 2012, le linn réamhthionscadal píolótach Dúchas, rinneadh scanadh ar c.80,000 leathanach as Bailiúchán na Scol. Faoi 2016, beidh scanadh déanta ar c.340,000 leathanach, i.e. c.50% de leathanaigh Bhailiúchán na Scol. Tá leaganacha cartlainne de na híomhánna scanta á stóráil mar chomhaid TIFF ardaifigh, agus tá leaganacha craobhscaoilte á stóráil mar chomhaid JPEG ísealtaifigh. Cruthaítear na comhaid íomhá ardaifigh ag úsáid trealaimh scanta úrscothaigh. Gintear na comhaid íomhá ísealtaifigh le huirlisí próiseála íomhá Python.⁹

Tá na comhaid íomhá ardaifigh agus ísealtaifigh á n-óstáil ar fhreastalaí agus ar dhioscaí ag UCD Research IT,¹⁰ i gcomhar le HEAnet.¹¹ Déantar scáthánú ar na dioscaí seo, agus tá socruithe á ndéanamh faoi láthair cartlannú incriminteach fadtéarmach a dhéanamh ar na comhaid ardaifigh. Meastar go mbeidh suas le 20 teiribheart de shonraí íomhá á stóráil in UCD faoin am go mbeidh 50% de Bhailiúchán na Scol digitithe.

Catalógú digiteach

Ós rud é go bhfuil na leathanaigh á scanadh ach nach bhfuil siad á dtras-scríobh, ciallaíonn sé seo nach mbeidh téacs na scéalta féin inchuardaithe. Chun go mbeadh úsáideoirí Dúchas (taighdeoirí, etc.) ábalta teacht ar scéalta ar spéis leo iad i gcartlann íomhánna digiteacha Bhailiúchán na Scol trí ríomhuirlis chuardaigh, más ea, ba ghá catalógú digiteach a dhéanamh ar an ábhar.

Tá catalóg dhigiteach á cruthú as meiteashonraí na leathanach agus na scéalta. Is éard atá i gceist leis seo ná go bhfuil sonraí mar gheall ar na leathanaigh agus mar gheall ar na scéalta atá scríofa ar na leathanaigh á gclárú agus á stóráil i mbunachar. Tá na meiteashonraí seo á stóráil mar thacar sonraí XML i mbunachar Léacslann, córas de chuid Fiontar DCU. Córas ginearálta is ea Léacslann chun stoic sonraí struchtúrtha ordlathacha a stóráil agus a bhainistiú. Déantar sonraí logainm.ie,¹² mar shampla, a stóráil sa chóras céanna, agus óstálann Seirbhísí Ríomhaireachta DCU (ISS)¹³ Léacslann agus na sonraí ann.

Cruthaíodh stoc do chatalóg meiteashonraí Bhailiúchán na Scol. Sainíodh scéimre sonraí don stoc seo, ach tá solúbthacht i gcóras Léacslann a fhágann gur féidir na catagóirí meiteashonraí agus a n-airíonna a choigeartú go héasca más gá amach anseo. Déantar meiteashonraí fisiciúla an bhailiúcháin a stóráil sa stoc. Áirítear anseo sonraí mar gheall ar na himleabhair (ceanglaíodh baisceanna leathanach le chéile in imleabhair fhisiciúla) agus na leathanaigh fhisiciúla a scanadh. Mar shampla, stóráiltear ainmneacha na gcomhad íomhá sa chartlann dhigiteach a dtagraíonn an iontráil chatalóige dóibh. Stóráiltear meiteashonraí loighciúla chomh maith, lena n-áirítear sonraí mar gheall ar na scéalta atá scríofa ar na leathanaigh fhisiciúla agus sonraí mar gheall ar na scoileanna inar bailíodh na scéalta. I gcás na scéalta, stóráiltear teideal, céadlíne, teanga (i.e. Béarla nó Gaeilge), faisnéiseoir, agus bailitheoir an scéil. Maidir le scoileanna, stóráiltear suíomh na scoile (tagairt chuig áit i mBunachar Logainmneacha na hÉireann¹⁴), ainm na scoile, agus ainm an oide. Stóráiltear nótaí eagarthóireachta agus tagairtí idir iontrálacha catalóige chomh maith sna hiontrálacha sa chatalóg meiteashonraí.

⁹ <http://www.pythonware.com/products/pil/>

¹⁰ <http://www.ucd.ie/itservices/researchit/>

¹¹ <http://www.heanet.ie/>

¹² <http://www.logainm.ie/>

¹³ <https://www.dcu.ie/iss/>

¹⁴ <http://www.logainm.ie/ga/>

Tá an chatalóg dhigiteach á forbairt i gcomhar le Taisclann Dhigiteach na hÉireann chun go mbeidh sé ag teacht le dea-chleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta na cartlannaíochta digítí.

Áiseanna eagarthóireachta

Cuimsíonn Léacslann feidhmchlár gréasáin chun na stoic sa bhunachar a bhainistiú, agus chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na sonraí sna stoic trí bhrabhsálaí gréasáin. Cuimsíonn Léacslann córas bainistithe úsáideoirí chomh maith. Tríd an gcóras seo is féidir foireann eagarthóirí a chlárú in Léacslann agus stoic a lua leo. Is féidir leis na heagarthóirí iontrálacha (e.g. imleabhair, leathanaigh, scoileanna, scéalta) i gcatalóg nua dhigiteach Bhailiúchán na Scol a chomhlánú agus a choigeartú de réir mar is gá, trí bhrabhsálaí gréasáin ar bith ó áit ar bith ar domhan. Bíonn an fhoireann seo lonnaithe in Fiontar (DCU) agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD) go príomha ach éascaíonn an córas gréasáin seo an chianobair. Bíonn radharc ag na heagarthóirí ar na híomhánna scanta trí Léacslann.

The screenshot displays the Léacslann website interface. On the left, a handwritten manuscript page is shown with text in three languages: English, Irish, and Ukrainian. The English text reads: "1. Amman ó béal Eilín 'Bean Mhíonnall, 'Casadh an z-Sigam,' a tug sí mar ainm ar an ainm." Below this are sections labeled I, II, III, and IV, each containing text in Irish and Ukrainian. The right sidebar contains a list of metadata for the document, including the title 'SCÉAL', the author 'Leac Chonailí', and various classification codes like 'CAIBIDIL #4428330' and 'LEATHANACH 1047:303'.

Catalógú ar siúl san fheidhmchlár inmheánach

Áiseanna liostála agus cuardaigh poiblí

Cruthaíodh suíomh gréasáin poiblí don tionscadal ag www.dúchas.ie. Is éard atá sa suíomh seo ná comhéadan poiblí trínar féidir leis an bpobal anois breathnú ar íomhánna scanta de leathanaigh as an mbailiúchán. Tá fáil ag an bpobal ar na scéalta trí áiseanna cuardaigh agus brabhsála ar an suíomh seo a chuardaíonn an chatalóg nua dhigiteach. Faoi láthair, is féidir cuardach a dhéanamh de réir catagóirí áirithe meiteashonraí, i.e. áiteanna (suíomhanna na scoileanna), ainmneacha daoine (idir bhailitheoirí agus fhaisnéiseoirí), agus teanga agus teidil na scéalta. Tá sé i gceist an cuardach a leathnú go gcuimseoidh sé raon leathan meiteashonraí eile.

Scoil: **Gort an Tuair** (Gort an Tuair, Co. Mhaigh Eo)
 Múinteoir: **Áine Nic Oirealla** NÍOS LÚ SONRAÍ ▲

TEIDIL (110)	DAOINE (19)	TEANGACHA (3)
An Scéal - An Tríúr Mac	Katie Bourke (4)	Béarla (105)
Bádbhriseadh	Mrs Bourke (2)	Measctha (3)
Báisteach Throm agus Tuilte	Mrs K. Bourke (1)	Gaeilge (2)
Oíche na Gaoithe Móire 1839	Nora Corcoran (3)	
Seancheirdeanna - Déanamh Coinnle	Martin Corcoran (3)	
Seancheirdeanna	Annie O' Hara (9)	
An Stoirm Mhór, 1839	Mrs Eileen O' Hara (1)	

Taifeach: **fseal | Ard** ◀ 398 399 400 **401** 402 403 404 405 ▶



401

Oíche na Gaoithe Móire, 1839.

The Night of the Big Wind was in the year 1839. It was an awful bad night, the worst ever anyone saw. There was a big minister's house in Lacken; it was the strongest house in the district. The wind began early on a Saturday evening. It threw the house but fortunately enough the minister was away visiting his friends and the servants were gone home and the house was locked, but all the things in it were ruined and all the cattle in the stables

AR AN LEATHANACH SEO

Oíche na Gaoithe Móire 1839

f ROINN g ROINN TVUÍT

BAILITHEOIR [Gerrard Walsh](#)
 INSCNE fireann

FAISNÉISEOIR [Michael Walsh](#)
 GAOL tuismitheoir
 INSCNE fireann

TEANGA Béarla

Ábhar ó Scoil Ghort an Tuair, Co. Mhaigh Eo, léirithe ar an suíomh poiblí

Digitú bailiúchán eile

Cé gur cruthaíodh na háiseanna teicniúla don tionscadal seo chun leagan digiteach de Bhailiúchán na Scol a stóráil, a fhorbairt, agus a fhoilsiú ar líne, cuireadh san áireamh go gcuimsíonn an Cnuasach go leor bunábhair nach ábhar lámhscríbhinne amháin é – grianghraif, taifeadtaí fuaime agus físeáin, mar shampla. Tá an tsolúbthacht in Léacsllann agus sna teicneolaíochtaí gréasáin agus óstála atá in úsáid cheana chun na meáin eile seo, agus na meiteashonraí a ghabhfaidh leo, a láimhseáil amach anseo.

Catalógú

Cé go ndearnadh catalógú ar Bhailiúchán na Scol i ndiaidh thiomsú an ábhair i lár an chéid seo caite tá an deis á tapú anois chun catalógú breise a dhéanamh i gcás an leagain nua dhigitigh seo. Níor cláraíodh ainmneacha na bhfaisnéiseoirí, ainmneacha na n-oidí ná ainmneacha na ndaltaí roimhe seo agus cuirfidh an t-eolas nua sin go mór le hinchuardaitheacht an ábhair. Anuas air sin, tá catalógú leictreonach á dhéanamh den chéad uair ar na logainmneacha (seoltaí na scoileanna, na bhfaisnéiseoirí etc.) agus iad á nascadh le Bunachar Logainmneacha na hÉireann. Is é taithí CBÉ thar na blianta gurb é an chéad rud a

lorgaíonn cuairteoirí ná ábhar a bhaineann le duine nó le háit ar leith. Beidh sé níos fusa cuardach a dhéanamh ar an mbonn sin mar gheall ar an gcatalógú breise atá á dhéanamh anois.

Mar a míníodh thuas, tá na himleabhair scanta stóráilte ar fhreastalaí agus tá teacht ag an bhfoireann eagarthóireachta orthu trí chomhéadan eagarthóireachta a léiríonn na híomhánna scanta i bpána amháin agus clár réimsí sonraí i bpána eile. Is féidir leis na heagarthóirí na híomhánna a léamh chun an t-eolas atá uathu a aimsiú agus ansin é a ionchur sa phána sonraí. Bíonn méid áirithe scoileanna i gceist i ngach imleabhar. Cláraítear ainm na scoile, suíomh na scoile agus ainm an mhúinteora i gcás gach scoile. Ina dhiaidh sin, léitear na scéalta a bailíodh sa scoil sin agus sanntar raon leathanach do gach scéal. Déantar sin ionas go mbeidh an scéal ceangailte leis na híomhánna cuí. Agus na leathanaigh sannta, cláraítear eolas áirithe i dtaobh gach scéal. Tá cúig chatagóir i gceist: teideal, teanga, ábhar, bailitheoir agus faisnéiseoir.

Maidir leis an teideal, is iondúil go mbíonn teideal curtha ag an mbailitheoir leis an scéal agus déantar sin a chlárú. Seachas caighdeánú a dhéanamh ar sheanlitriú agus botúin fhollasacha a cheartú fágfar an buntéacs gan athrú. Aimsítear scéalta agus amhrán áirithe ó am go chéile a bhíonn gan teideal nó a mbíonn teideal cineálach acu ('scéal', 'song' etc.). I gcásanna mar sin, cláraítear sliocht as an scéal/amhrán chun leid a thabhairt don úsáideoir faoin ábhar atá ann. Bíonn teanga luaite le gach scéal. 'Béarla' agus 'Gaeilge' an dá lipéad is mó a bhíonn in úsáid ach tá rogha eile ann – 'Gaeilge agus Béarla' – i gcás scéalta ina bhfuil meascán den dá theanga, amhrán Gaeilge laistigh de scéal Béarla, mar shampla .

Maidir le hábhar na scéalta a chlárú, tá sé i gceist go mbainfear leas as na treoirlínte agus as an teasáras béaloidis atá forbartha ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi thionscadal MoTIF¹⁵ chun scéimre cuimsitheach ábhar a leagan amach. Beifear in ann an scéimre sin a cheangal leis an mbunachar amach anseo chun ordlathas caighdeánach ábhar a dheimhniú. Tá foinse an-luachmhar maidir le téamaí na scéalta le fáil cheana sa chlár ábhar do Bhailiúchán na Scol a chruthaigh Seán Ó Súilleabháin agus cuirfear na catagóirí a úsáidtear ansin san áireamh sa scéimre nua. Chuige sin, rinneadh digitiú ar chlár Uí Shúilleabháin go luath sa tionscadal.

An chéad mhír eolais a chláraítear i dtaobh an fhaisnéiseora (an té a d'aithris an scéal don dalta scoile) ná an t-ainm. Scartar an t-ainm ina réamhthéacs agus ina príomhthéacs ar mhaithe leis an liostáil aibítreach ar an suíomh poiblí. Is réamhthéacs é an chuid den ainm nach bhfuil tábhachtach don liostáil aibítreach agus is é an príomhthéacs an chuid den ainm a bheidh á liostáil. I gcás na n-ainmneacha 'Brian Ó hAodha' agus 'Máire Uí Aodha', cuir i gcás, cláraítear 'Brian Ó h' agus 'Máire Uí' mar réamhthéacs agus b'é 'Aodha' an príomhthéacs sa dá chás, rud a chinntíonn go liostáiltear muintir Uí Aodha uile le chéile. Ní dhéantar caighdeánú ná ceartú ar na hainmneacha. Tá bunachar sloinnte á thiomsú mar fhothoradh den tionscadal, áfach, a chuirfidh ar chumas na n-úsáideoirí teacht ar na sloinnte gaolmhara go léir is cuma cé acu leagan a chuardaíonn siad. Déantar seoladh an fhaisnéiseora a thaifeadadh trí nasc a dhéanamh leis an áit i mBunachar Logainmneacha na hÉireann. Cláraítear inscne an fhaisnéiseora chomh maith. Is féidir meiteashonraí eile ar nós aois agus ghairm bheatha an fhaisnéiseora a chlárú freisin má bhíonn an t-eolas sin luaite.

Maidir leis na bailitheoirí (na daltaí scoile féin), cláraítear an t-eolas céanna a bheag ná a mhór ina dtaobh siúd agus a chláraítear faoin bhfaisnéiseoir. Tá áit ann freisin inar féidir an gaol idir an faisnéiseoir agus an bailitheoir a thaifeadadh, más cuí.

Cé gurb é clárú na sonraí thuasluaite an príomhdhualgas atá ar an eagarthóir, bíonn sé tábhachtach go léifeadh sé/sí gach scéal go cúramach chomh maith. Cúis amháin atá leis sin ná chun teacht ar ábhar leochaileach más ann dá leithéid. Cé nach bhfuil siad an-líonmhar, tá

¹⁵ <http://apps.dri.ie/motif/vocab/preamble.php>

scéalta ann ina gcuirtear coiriúlacht nó drochghníomh éigin i leith daoine sonracha nó ina nochtar tuairimí maslacha ina dtaobh. Cé go mbaineann an t-ábhar le tríochaidí na haoise seo caite, ar a dhéanaí, d'fhéadfadh sleachta mar sin cur isteach ar ghaolta na ndaoine sin sa lá atá inniu ann. Má cheapann eagarthóir go bhfuil ábhar leochaileach i gceist cuireann sé/sí an scéal áirithe faoi cheilt ionas nach bhfeicfead é ar an suíomh poiblí. Déanann painéal saineolaithe athbhreithniú go tráthrialta ar na scéalta go léir atá marcáilte 'leochaileach' agus is acu siúd a bhíonn an cinneadh deireanach maidir le cé acu scéal a fhágáil faoi cheilt nó é a nochtadh. Tá critéir áirithe a leanann an painéal sin agus déantar iarracht gan ach na samplaí is tromchúisí a cheilt. Tá sé de pholasaí ag an tionscadal, áfach, ábhar a bhaint anuas sa chás go bhfaightear gearán ina leith ón bpobal.

Buntáistí an leagain dhigitithe

Is cartlann phoiblí é CBÉ an lae inniu ach, mar aon le cartlann fhisiciúil ar bith, bíonn rochtain ar an ábhar srianta ag na huairteanta oscailte agus ag an suíomh geografach. Bíonn dhá mhórchineál cuairteora ag CBÉ a mbíonn spriocanna éagsúla acu – taighdeoirí acadúla agus lucht aitheantais na bhfaisnéiseoirí. Déanfaidh dúchas.ie freastal ar an dá dhream seo tríd an gCnuasach a chur ar fáil dóibh mar aon le córas cuardaigh agus brabhsála a ligfidh don dá ghrúpa teacht ar an eolas atá uathu go saoráideach. Nuair a bheidh an córas cuardaigh forbartha agus an catalógú digiteach i gcrích beidh úsáideoirí dúchas.ie in ann teaglamaí éagsúla critéar a úsáid chun an t-ábhar a scagadh i mbealaí nach mbeadh indéanta sa chartlann fhisiciúil i mBaile Átha Cliath. Cuirfidh sé ar chumas lucht taighde, idir thaighdeoirí Éireannacha agus thaighdeoirí thar lear, dul i ngleic le hábhar CBÉ ar bhealaí úrnua. Ní taighdeoirí amháin a chuireann suim sa bhéaloideas, ar ndóigh, agus aithnítear gur gné lárnach de shaol an duine é, rud atá ríshoiléir ó na cuairteoirí éagsúla a thriallann ar CBÉ sa Choláiste Ollscoile chun ábhar a bhaineann lena gceantar nó lena muintir féin a fheiceáil. Déanfaidh an suíomh nua freastal ar na daoine seo ach tabharfaidh sé rochtain freisin do dhaoine eile nach mbeadh d'acmhainn acu an t-aistear a dhéanamh go furasta – imircigh Éireannacha nó daoine de shliocht Éireannach thar lear, mar shampla.

Conclúid

I mblianta luatha Choimisiún Béaloideas Éireann ba ar an tiomsú agus ar an gcatalógú a bhí aird na foirne dírithe nó thuig siad go rímhaith an phráinn a bhain le taifeadadh a dhéanamh ar shaol traidisiúnta a bhí i mbéal athraithe. Gan amhras bhí sé ar intinn ag an gCoimisiún agus ag an stát a bhunaigh é go mbeadh fáil ag scoláirí agus ag pearsana aitheanta eile ar an ábhar a bhaileofaí ach, mar a chonaic muid, is beag a shíl an Duileargach agus a chomhghleacaithe go mbeadh saor-rochtain ag cách ar an gcartlann sna blianta a bhí le teacht. Tháinig athrú ar an meon sin de réir a chéile agus ré nua a bhí ann nuair a osclaíodh doirse na cartlainne don phobal in 1972 nuair a tugadh an Chnuasach faoi chúram Roinn Bhéaloideas Éireann. Tá scoláirí ó réimse leathan disciplíní tar éis an deis a thapú seal a chaitheamh i mbun taighde in CBÉ ó shin mar aon le cuairteoirí eile ar theastaigh uathu an t-ábhar a bailíodh óna ngaolta agus óna ndúiche féin a fheiceáil. Is ré nua eile é tionscadal Dúchas a thabharfaidh rochtain dhíreach do dhaoine ó gach cearn den domhan ar leagan digiteach de Bhailiúchán na Scol ar dtús agus ar bhailiúcháin eile CBÉ amach anseo. Cuirfidh sé seo leis an gcáil idirnáisiúnta atá ar an gcartlann seo agus ligfidh sé do dhaoine i gcéin is i gcóngar dul i ngleic le seoda an Chnuasaigh i mbealach úrnua.